Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8781/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0299 (NLE)**

**SAN 204**
**PHARM 63**
**COVID-19 10**
**PROCIV 48**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024<br>– Glacadh |

1. Chomhaontaigh Comhaltaí EDS, le cinneadh a ghlac siad ag an 75ú Comhthionól Domhanda Sláinte[1], próiseas a leagan síos chun leasuithe spriocdhírithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a chaibidil.

2. Bunaithe ar údarú ón gComhairle a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/451 ón gComhairle an 3 Márta 2022[2], rinne an Coimisiún na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) a chaibidil thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais. Ina cháil mar idirbheartaí an Aontais, bhí an Coimisiún á threorú ag na treoracha caibidlíochta atá i gceangal leis an gCinneadh, treoracha lena leagtar síos na príomhchuspóirí agus na príomhphrionsabail atá le baint amach. De bhun Chinneadh (AE) 2022/451, tá Meitheal na Comhairle um an tSláinte Phoiblí tar éis fónamh mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) de chuid an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

1 WHA75(9) - Strengthening WHO preparedness for and response to health emergencies. [Ullmhacht EDS d'éigeandálaí sláinte agus an fhreagairt orthu a neartú].
2 IO L 92, 21.3.2022, lch. 1.

3. Ghlac an Comhthionól Domhanda Sláinte na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) de chomhthoil an 1 Meitheamh 2024 trí Rún WHA77.17 uaidh[3]. Leis na leasuithe sin, rannchuidítear le hullmhacht agus faireachas d'éigeandálaí sláinte agus an fhreagairt orthu a neartú agus tugtar aghaidh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, dhá thosaíocht bhunúsacha de ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte domhanda.

4. Tá toiliú a bheidh faoi cheangal ag rialacháin EDS faoi réir nós imeachta simplithe, bunaithe ar ghlacadh intuigthe[4]. Tá gach comhalta de chuid EDS le bheith faoi cheangal ag rialachán EDS, ach amháin má thabharfaidh sé fógra d'Ard-Stiúrthóir EDS faoi dhiúltú nó forchoimeádas maidir leis an rialachán sin, nó leasú air, laistigh den tréimhse ama arna fógairt ag an Ard-Stiúrthóir chun na críche sin.

5. Thug Ard-Stiúrthóir EDS fógra faoi na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) do na Stáit uile is Páirtithe an 19 Meán Fómhair 2024. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 59 de IHR (2005), tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm an 19 Meán Fómhair 2025 i gcás na Stát uile is Páirtithe in IHR (2005) a bhfuil feidhm ag leasuithe 2022 maidir leo agus an 19 Meán Fómhair 2026 i gcás na gceithre Stát is Páirtithe nach bhfuil feidhm ag leasuithe 2022 maidir leo[5].

6. Cé nach gceadaítear, leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005), don Aontas a bheith ina pháirtí, is Stáit is Páirtithe sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) iad Ballstáit uile an Aontais.

7. An 13 Samhain 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit glacadh, chun leas an Aontais Eorpaigh, leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024 (15621/24+ADD 1).

8. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Shláinte Phoiblí an togra ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil an 22 Samhain 2024 agus ag cruinniú na Meithle um Shláinte Phoiblí an 11 Nollaig 2024. Leagtar amach an comhréiteach ón Uachtaránacht a d'eascair as an gcruinniú sin in 16880/24.

---

[3] WHA77.17 - Strengthening preparedness for and response to public health emergencies through targeted amendments to the International Health Regulations (2005). [WHA77.17 - Ullmhacht d'éigeandálaí sláinte agus an fhreagairt orthu a neartú trí leasuithe spriocdhírithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)].

[4] Airteagal 22 de Bhunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

[5] An tSlóvaic, an Ísiltír, an Iaráin agus an Nua-Shéalainn.

9. An 27 Eanáir 2025 tháinig an Chomhairle ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 17046/24 + ADD1 é.

10. De bhun Airteagal 218(6)(a) CFAE, ceanglaítear toiliú Pharlaimint na hEorpa leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe chun go nglacfar é.

11. Is réamhchoinníoll é go bhfaighfear toiliú Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfar an cinneadh. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú an 6 Bealtaine 2025 (P10_TA(2025)0073).

12. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an cinneadh lena n-iarrtar ar na Ballstáit glacadh, chun leas an Aontais Eorpaigh, leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024, mar a leagtar amach in 17046/24 + ADD1 + ADD1 COR1 iad, a ghlacadh, arb é an leagan den dréachtchinneadh ón gComhairle é ar ar chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch.